# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 220

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 65

25 Lúnasa 2022

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1425 ón gCoimisiún an 18 Lúnasa 2022 lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ("Alubia de Anguiano" (STFC))** ..... 1

**Ceartúcháin**

★ **Ceartúchán ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1159 ón gCoimisiún an 11 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le nochtadh poiblí beartais infheistíochta ag gnólachtaí infheistíochta** (IO L 179, 6.7.2022) ..... 3

★ **Ceartúchán ar Threoirlíne (AE) 2022/989 ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Bealtaine 2022 lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2021/975 maidir le bearta sealadacha breise a bhaineann le hoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais agus le hincháilitheacht comhthaobhachta (BCE/2014/31) (BCE/2022/19)** (IO L 167, 24.6.2022) ..... 4

★ **Ceartúchán ar Chinneadh (CBES) 2022/1313 ón gComhairle an 25 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine** (IO L 198, 27.7.2022) ..... 5

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1425 ÓN gCOIMISIÚN

**an 18 Lúnasa 2022**

**lena gcláraítear ainm sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ("Alubia de Anguiano" (STFC))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinneadh an t-iarratas a thíolaic an Spáinn ar chlárú an ainm "Alubia de Anguiano" a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]).

(2) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an t-ainm "Alubia de Anguiano" a chlárú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá an t-ainm "Alubia de Anguiano" (STFC) cláraithe anois.

Leis an ainm a shonraítear sa chéad mhír sainítear táirge de chuid Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte, faoi mar atá liostaithe in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([3]).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 182, 4.5.2022, lch. 20.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18 Lúnasa 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

## CEARTÚCHÁIN

### Ceartúchán ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1159 ón gCoimisiún an 11 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála i ndáil le nochtadh poiblí beartais infheistíochta ag gnólachtaí infheistíochta

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 179 an 6.7.2022)*

Ar leathanach 15, in Iarscríbhinn I, cuirtear an dá thábla seo a leanas isteach i ndiaidh thábla IF IP1 — TEIMPLÉAD MAIDIR LE CION NA gCEART VÓTÁLA agus roimh thábla IF IP 2.03 – TÁBLA MAIDIR LE MÍNIÚCHÁN AR NA VÓTAÍ:

“**IF IP2 – IOMPRAÍOCHT VÓTÁLA**

**IF IP2.01 – TÁBLA MAIDIR LEIS AN TUAIRISC AR IOMPRAÍOCHT VÓTÁLA**

| Ró | Ítim | Luach |
|---|---|---|
| **1** | Líon na gcuideachtaí ábhartha faoi raon feidhme an nochta | |
| **2** | Líon na gcruinnithe ginearálta faoi raon feidhme an nochta le bliain anuas | |
| **3** | Líon na gcruinnithe ginearálta faoi raon feidhme an nochta inar vótáil an gnólacht le bliain anuas | |
| **4** | An gcuireann an gnólacht infheistíochta an chuideachta ar an eolas maidir le vótaí diúltacha roimh an gcruinniú ginearálta? | |
| **5** | Cion na vótaí a chaith an gnólacht ar an láthair go pearsanta | |
| **6** | Cion na vótaí a chaith an gnólacht tríd an bpost nó tríd an vótáil leictreonach | |
| **7** | Ar bhonn comhdhlúite, an bhfuil beartas ag an ngrúpa gnólachta infheistíochta maidir le coinbhleachtaí leasa idir eintitis ábhartha an ghrúpa? | |
| **8** | Má tá, tabhair achoimre ar an mbeartas sin | |

**IF IP2.02 – TEIMPLÉAD MAIDIR LE hIOMPRAÍOCHT VÓTÁLA**

| Ró | Ítim | Líon | Céatadán |
|---|---|---|---|
| **1** | Rúin ag cruinnithe ginearálta: | | |
| **2** | d’fhormheas an gnólacht iad | | |
| **3** | chuir an gnólacht ina gcoinne | | |
| **4** | ónar staon an gnólacht | | |
| **5** | Cruinnithe ginearálta ag ar chuir an gnólacht i gcoinne rún amháin ar a laghad” | | |

**Ceartúchán ar Threoirlíne (AE) 2022/989 ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Bealtaine 2022 lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2021/975 maidir le bearta sealadacha breise a bhaineann le hoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais agus le hincháilitheacht comhthaobhachta (BCE/2014/31) (BCE/2022/19)**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 167 an 24 Meitheamh 2022)*

Ar an gclúdach, i gclár na n-ábhar, agus ar leathanach 135, sa teideal:

*in ionad:* "Treoirlíne (AE) 2022/989 ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Bealtaine 2022 lena leasaítear Treoirlíne (AE) 2021/975 maidir le bearta sealadacha breise a bhaineann le hoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais agus le hincháilitheacht comhthaobhachta (BCE/2014/31) *(BCE/2022/19)*",

*léitear:* "Treoirlíne (AE) 2022/989 ón mBanc Ceannais Eorpach an 2 Bealtaine 2022 lena leasaítear Treoirlíne BCE/2014/31 maidir le bearta sealadacha breise a bhaineann le hoibríochtaí athmhaoinithe an Eurochórais agus le hincháilitheacht comhthaobhachta *(BCE/2022/19)*".

**Ceartúchán ar Chinneadh (CBES) 2022/1313 ón gComhairle an 25 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 198 an 27 Iúil 2022)*

Sa teideal ar Leathanach an Chláir, agus ar leathanach 17 sa teideal agus sa síniú:

*in ionad:* “an 25 Iúil 2022”,

*léitear:* “an 26 Iúil 2022”.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA